

CLUICHE CAOINTEACH ÓN SEACHTÚ CÉAD DÉAG

TÁ AN téacs atá á chur i láthair anseo le fáil ar thaobh amháin de dhédhuilleog aonair mar chuid de lámhscríbhinn ón ochtú céad déag i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, G 675.¹ Tá sé curtha i leith Chaitilín Dubh sa cheannscríbhinn, banfhile ó Chill Chlochair in aice le hInis, Co. an Chláir, a mhair sa chéad leath den seachtú céad déag agus a bhfuil eolas uirthi sa bhéaloideas mar Catileen Dubh Keating.² Tháinig cúig cinn eile de chaointe léi slán i lámhscríbhinn eile ón ochtú céad déag, Coláiste Phádraig, Maigh Nuad, M 107 (ón mbliain 1712). Dánta iad sin i gcuimhne ar dhaoine éagsúla de mhuintir Bhriain (ina measc Donnchadh, IV Iarla Thuamhan, †1624) agus de mhuintir Mhathghamhna ó Thuamhain. Ach níl aon chóip eile ar eolas agam den téacs áirithe seo. Caoineadh atá ann ar bhás Bhriain mhic Uaithne áirithe a cuireadh in uaigh i mainistir Inse. De mhuintir Lochlainn na Boirne ab ea é, is cosúil, mar bhíodh an t-ainm Uaithne coitianta ag an gcine sin agus chomh maith leis sin is le tuaisceart an Chláir a bhaineann formhór na logainmneacha agus daonainmneacha atá luaite sa téacs (viz. Boirinn, Corca Modhrúadh, Inse Í Chuinn, Cill Iníne Baoith (bar. Inse Í Chuinn), Síol Aodha (Clann Mhic Conmara, bar. Tulcha), muintir Chonchubhair (bar. Chorca Modhrúadh)). Ráineodh, fiú amháin, gur duine clainne leis an taoiseach deiridh de mhuintir Lochlainn, Uaithne Mór (†1617), atá á chaoineadh. Ach más ea, ní foláir nó cailleadh é roimh bhás a athar, mar ní raibh aon oidhre ag Uaithne Mór nuair a d'éag sé.³

Sampla luath é de chaoineadh 'neamhliteartha'. Déantús suaithinseach é sa mhéid go dtugann sé léiriú ar an ní is 'cluiche caointeach' ann, a mbíonn tagairtí le fáil uaireanta dó sa litríocht ach a bhfuil samplaí de gann sa traidisiún.⁴ Dá chomhartha sin, tá sé ina dhá chuid: cuid amháin an 'Caoineadh' i mbéal Chaitilín Dubh (1–20), agus an dara cuid, 'Ordughadh na caillighe', ag tabhairt 'freagra' (21–30) — is é sin má tá an ceart déanta mar a bhfuil bearna líonta agam le litreacha atá in easnamh i dtosach an fho-theidil tar éis l. 20. Is dócha gurb ábhar traidisiúnta atá sa ghuí atá luaite i gcuid na 'caillighe' den téacs ('Nár

¹Cláraithe ag Nessa Ní Shéaghda, *Catalogue of Irish manuscripts in the National Library of Ireland*, fasc. XII (1990) 84.

²Dá tuairisc feic Brian Ó Cuív, *Béaloideas* 23 (1954) 103–5.

³Feic an tuairisc ag L. P. Ó Murchú, 'Caoineadh ar Uaithne Ó Lochlainn', *Éigse* 27 (1993) 67–79, ag 72.

⁴Feic P. A. Breatnach, 'The poet's graveside vigil: a theme of Irish bardic elegy in the fifteenth century', *ZCP* 49–50 (1997) 50–63, ag 61.

fhaighead bás go raibh agam leatsa / mac anocht etc.’), ach níor casadh aon áit eile orm é.

Tá a rian ar ghnéithe den litriú gur ó chuimhne a scríobhadh an chóip. Fianaise eile air sin is ea an tslí inar breacadh ceithre líne ó lár an téacs ag bun an leathanaigh i ndiaidh na coda eile trí dhearmad, agus an coigeartú a dhein an scríobhaí ar ainm an té atá i gceist sa chéad líne (‘Seagain’ athraithe go ‘Briain’). Tá an dá líne 16 agus 17 focal ar fhocal mar a chéile, agus na línte 24–6 nach mór mar a chéile. Nithe iad sin a chuirfeadh i gceann duine a mheas go mb’fhéidir gur deineadh iarracht ar véarsaí ceathairlíneacha a dhéanamh d’ábhar nach raibh chomh rialta sin sa bhfoirm inar dréachtadh an blúire ar dtúis. De réir na cuma atá ar an téacs is dóichí nach bhfuil againn ach giota as saothar níos faide.

An fhoirm ‘caoineadh’ atá sa mheadaracht tríd síos (trí nó ceithre aiceann in aghaidh na líne le críoch *ua* ∨ (1–12), *é* ∨ (13–20), agus *a* ∨ (21–30) faoi seach),⁵ ach tá deadhailt idir an dá chuid den téacs, sa mhéid go bhfuil na línte ó l. 21 síos níos giorra ná na línte eile,⁶ agus iad níos goire don ‘rosc’ caointe (le dhá aiceann) dá bharr sin.

Tá stracadh ar an taobh clé den duilleog a fhágann tosach na línte easnamhach in áiteanna tríd síos. Sa chóiriú anseo cuireadh sínte fada isteach, agus tá ‘e’ ard curtha síos mar ‘ea’; tá tagairt do noid amhrasacha sna nótaí. Úsáideadh an cló iodálach chun litreacha a sholáthar atá ar lár sa lámhscríbhinn, agus tá poncaíocht agus uimhriú déanta ar na línte. Dar ndóigh tá deacracha gan réiteach thall is abhus de m’ainneoin.

TÉACS

‘Caitilín Dubh ag caoineadh Bhriain mhic Uaithne’

Go mbennuidhe Dia dhuit a Bhriain mhic Uaithne,
is dod fhéchain do thug mé an chuaird seo
a’ féchain cionnus ’chuaidh an uagh dhuit
nó ar thraoch do thaobh geal ad tuamba.

Mainistir Innse is í do sguabadh 5
ón gceann thíos go dtí an ceann suas de,
gan d’eochar ann acht biolar is luachair
chomair* mo mhacaomh do choiléan uasal.
Is maith do caoinfidhe a gCorcomruadh thú
’s a mBuirinn na gCloch air dtaobh suas de, 10
a nInnse Uí Chuinn mar ba dual duit
’s a gCill Inghine Buidhe shínfidhe an uagh dhuit.

Maith do chaoinfeadh mná Shíol Aodha tú
mná Síol mBriain dob fhearr do bhí a nÉirinn

⁵Cf. P. A. Breatnach, *Téamaí taighde Nua-Ghaeilge* (Maigh Nuad 1997) 199.

⁶Críochnaíonn gach cuid faoi seach le líne atá níos faide ná na línte eile inti (ll. 20, 30).

... an óir* is Áine ghléigeal 15
bean mhaith Uí Shúilliobháin Béarra.
Bean mhaith Uí Shúilleabháin Béarra
 is bean Uí Chonchubhair Cairig na gcaolchon,
 bean Tadhg Ruadh fuair duagh an aonmhic,
 is dá dtéighiodh sin díot is maith do chaoineadh do mháithir féin tú. 20

Freagra. Ordughadh na cailíidhe.

Nár fhaigheadsa bás go raibh agam leatsa
 mac anocht a's mac ar maidin,
 mac am ucht agus mac am aice
 mac 'na phápa is mac 'na easbag
 mac 'na bhráthair is mac an' easbag 25
 mac 'na bhráthair is mac 'na shagart
 naonúr air sgoil damhsa Laidhne
 dá fhear dhéag fána gcuid éadaigh is airm
 cúigear san tsúsadh aca ag baile
 agus mac maith muirneach fá bhúcluidhe mo chreasa. 30

LÉAMHA AGUS NÓTAÍ

G 675. 2 Ceannscríbhinn: 'caitilinn'. 1 'Briain'] uascríofa os cionn 'Seagain'. 3, 12 'uagh' (*sic*); 3 'dhuith'. 4 'no ár'; 'ad-tuamba'. 8 'chomair'] léigh <fa> *chomhair?* 9–12 Tá na línte seo scríofa i mbun an leathanaigh agus comhartha sa téacs dá suíomh anseo. 12 'Inghine'] an litir 'i' agus scríob os a cionn atá sa LS. Tá Cill Inghine Baoith [B. *Kilnaboy, Killinaboy*] suite lastuaidh de Chora Finne. 'dhuith'. 15 *an (gearradh roimhe)] léigh <be>*an óir* nó <bean> *an óir?* Síbhean éigin atá i gceist is cosúil. Áine] 'ainne'; cf. Breatnach, *Téamaí taighde*, 209. 16 'bearadh'. 17 'bearad'. 18 'Cairig na gcaolchon'] Níl an áit aimsithe agam. 19 'Tadhg Ruadh' (*sic*) Ní fios cé hé. 'duagh'. 20 'dtheigioc'. Tá scríob tarraingte faoi bhun na líne seo sa LS. 26 'sagairt'. 27 'naomnúr'; 'Laidhne'] (?) (B.) *Lanna*, baile fearainn i bpar. Chluain Dá Ghad, bar. na nOileán. 28 *fhear*] 'sear'. 29 'baille'.

PÁDRAIG A. BREATNACH

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath